2024/2808

4.11.2024

TREOIR (AE) 2024/2808 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Deireadh Fómhair 2024

lena leasaítear Treoir 2014/62/AE a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe maidir le faireachán cuí ar ghníomhartha dlí agus forfheidhmiú ceart gníomhartha dlí a áirithiú. Mar sin féin, tá sé tábhachtach ceanglais den sórt sin a chuíchóiriú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad an cuspóir dár beartaíodh iad agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú.

(2) Le Treoir 2014/62/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), ceanglaítear ar na Ballstáit sonraí staidrimh a tharchur chuig an gCoimisiún, ar a laghad gach 2 bhliain, maidir le líon na gcionta a bhaineann le nótaí agus monaí góchumtha agus maidir le líon na ndaoine a ionchúisítear nó a chiontaítear i gcionta den sórt sin.

(3) Maidir le góchumadh an euro, foráiltear le Rialachán (CE) Uimh. 1338/2001 ón gComhairle ([3]) maidir le hoibleagáidí tuairiscithe i ndáil le líon na nótaí agus monaí góchumtha a coigistíodh. Tá méid agus treochtaí fheiniméan na nótaí agus monaí góchumtha doiciméadaithe go maith agus tá siad ar eolas ag na húdaráis inniúla náisiúnta. Maidir leis an réimse sonrach coireachta sin, níl an oibleagáid sonraí staidrimh maidir le himeachtaí coiriúla a thuairisciú fíor-riachtanach chun a áirithiú go mbainfear cuspóirí Threoir 2014/62/AE amach agus go ndéanfar faireachán orthu.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart deireadh a chur leis an gceanglas faoi Threoir 2014/62/AE sonraí staidrimh a tharchur chuig an gCoimisiún, i gcomhréir le teachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Márta 2023 dar teideal *Long-term competitiveness of the EU: looking beyond 2030* [Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030].

(5) Tá an Treoir seo bunaithe ar mheasúnú cúramach ar chúinsí ar leith Threoir 2014/62/AE agus tá sí teoranta don choir arb í nótaí agus monaí a ghóchumadh. Ní dochar an Treoir seo don ghá atá ann leibhéil iomchuí oibleagáidí tuairiscithe a áirithiú i réimse dhlí coiriúil an Aontais.

(6) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 3 agus Airteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, tá fógra tugtha ag Éirinn, le litir dar dáta an 13 Nollaig 2023, gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na Treorach seo.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2014/62/AE a leasú dá réir sin. Ós rud é nach mbaineann an leasú spriocdhírithe ar an Treoir sin ach le hoibleagáid tuairiscithe a bhaint, níl aon oibleagáid shonrach ar na Ballstáit an Treoir seo a thrasuí,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Scriostar Airteagal 11 de Threoir 2014/62/AE.

([1]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Aibreán 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2024.

([2]) Treoir 2014/62/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le cosaint an euro agus airgeadraí eile ar ghóchumadh tríd an dlí coiriúil, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2000/383/CGB ón gComhairle (IO L 151, 21.5.2014, lch. 1).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1338/2001 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2001 lena leagtar síos na bearta is gá chun an euro a chosaint ar ghóchumadh (IO L 181, 4.7.2001, lch. 6).

Airteagal 2

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna déanamh in Strasbourg, an 23 Deireadh Fómhair 2024.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	ZSIGMOND B. P.